

## Ceisteanna Coitianta - Plean Gníomhaíochta 2018-2022

### 1. Cad é an cúlra a bhaineann leis an bPlean Gníomhaíochta 2018-2022?

Foilsíodh **Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030** (An Straitéis), ina léirítear polasaí an Rialtais i leith na Gaeilge, i Nollaig 2010 tar éis tacaíocht traspháirtí a bheith faighte aige i dTithe an Oireachtais. Is iad seo a leanas príomhaidhmeanna na Straitéise:

- an líon daoine a labhraíonn Gaeilge ar bhonn laethúil taobh amuigh den chóras oideachais a mhéadú go 250,000;
- an líon daoine a labhraíonn Gaeilge ar bhonn laethúil sa Ghaeltacht a mhéadú 25%; agus
- an líon daoine a úsáideann seirbhísí Stáit trí Ghaeilge agus atá in ann rochtain a fháil ar theilifís, raidió agus na meáin chlóite tríd an teanga a mhéadú.

Tá raon moltaí ann a bhaineann leis na naoi réimse seo a leanas atá sainaitheanta sa Straitéis: Oideachas; An Ghaeltacht; An Teaghlach ag Cur na Teanga ar Aghaidh - Idirghabháil go Luath; Riarachán, Seirbhísí agus Pobal; Na Meáin agus an Teicneolaíocht; Foclóirí; Reachtaíocht agus Stádas; Saol Eacnamaíochta agus Tionscnaimh Leathana.

Is ar an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (RCOG) atá an fhreagracht iomlán cur chun feidhme na Straitéise a chomhordú.

### 2. Cad é an comhthéacs polasaí a bhaineann leis an bPlean Gníomhaíochta?

Ós rud é gurb í an Straitéis bunchloch pholasaí an Rialtais i leith na Gaeilge, tá an méid seo a leanas le fáil sa **Chlár don Rialtas Comhpháirtíochta (2016)**: *“Tá an Ghaeilge ríthábhachtach dár n-oidhreachta agus dár gcultúr. Ní mór don Rialtas nua an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge a chur i bhfeidhm go córasach, líon na ndaoine a úsáideann Gaeilge gach lá a mhéadú agus a dheimhniú go mbeidh an Ghaeilge níos feiceálaí i sochaí an lae inniu, mar theanga labhartha agus i réimsí amhail comharthaíocht agus litríocht ar aon.”*

Tá an méid seo a leanas le fáil sa **Chreat Pleanála Náisiúnta: Tionscadal Éireann 2040**:

*“Tá sé ríthábhachtach ó thaobh chothabháil na Gaeilge mar theanga labhartha na Gaeltachta agus cur chun cinn na teanga lasmuigh den Ghaeltacht de, go gcuirfear tacaíochtaí leanúnacha ar fáil don phróiseas pleanála teanga agus go dtreiseofar ar an tacaíocht a thugtar don údarás forbartha Gaeltachta, Údarás na Gaeltachta”.*

Dá réir sin, luíonn an Plean Gníomhaíochta 2018-2022 le cuspóirí foriomlána na Staitéise 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 agus dá réir, le polasaithe agus cláir ábhartha an

Rialtais, lena n-áirítear na cinn sin a luadh thuas, mar aon le: *Fíorú Ár nAcmhainneacht Tuaithe - Plean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus Clár Éire Ildánach.*

### **3. Cén dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 go dtí seo?**

D'ainneoin na ndúshlán a tháinig chun cinn agus cur chun feidhme na Straitéise á bhrú ar aghaidh le hacmhainní a bhí thar a bheith srianta, tá dul chun cinn suntasach déanta go dtí seo ó thaobh a cur chun feidhme a bhrú ar aghaidh. Tá léargas maidir leis an dul chun cinn atá déanta ó foilsíodh an Straitéis i dtaca le gach ceann de na naoi réimse gnímh le fáil sa tuarascáil.

San áireamh i bpríomhbhearta nua a rinneadh ó foilsíodh an Straitéis 20 Bliain tá:

- achtú Acht na Gaeltachta in 2012 agus cur chun feidhme an phróisis pleanála teanga atá leagtha amach ann a tharla ina dhiaidh sin agus atá ag tarlú ar bhonn leanúnach; agus
- *Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017–2022*, arna fhoilsiú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna in 2016, agus a chur chun feidhme leanúnach i gcomhpháirtíocht le RCOG agus páirtithe leasmhara tábhachtacha eile.

### **4. Cad a rinneadh chun tuairimí agus moltaí an phobail agus páirtithe leasmhara a fháil faoin ábhar?**

Ar mhaithe le haiseolas a éascú sa mhéid a bhaineann le cur chun feidhme na Straitéise agus chun príomhthosaíochtaí a shainaitheint, thionóil RCOG Díospóireacht Oscailte ar Pholasaí faoi *Phlean Athnuachana na Státseirbhíse* i Nollaig 2015. Mar chuid den phróiseas sin, tionóladh sraith cruinnithe poiblí, agus lorgaíodh aighneachtaí i scríbhinn ón bpobal agus ó pháirtithe leasmhara tábhachtacha araon. D'fhostaigh an Roinn Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, OÉG, chun tuarascáil a ullmhú ina leagtar amach príomhchonclúidí an phróisis comhairliúcháin agus ina sainithnítear príomhthosaíochtaí straitéiseacha.

Ó shin i leith, ghlac RCOG páirt i bplé mionsonraithe le raon leathan páirtithe leasmhara tábhachtacha, lena n-áirítear An Roinn Oideachas agus Scileanna; An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige; An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe; Údarás na Gaeltachta agus Foras na Gaeilge d'fhonn réimse príomhchuspóirí agus príomhghníomhachtaí maidir le cur chun feidhme a bhrú ar aghaidh thar 5 bliana chun tacú leis an Straitéis agus leis an teanga.

Is é an Plean Gníomhaíochta 2018-2022 toradh an phróisis rannpháirtíochta, comhairliúcháin agus comhaontaithe seo. Leagtar amach ann raon gníomhaíochtaí

aontaithe a chuirfear i bhfeidhm thar an tréimhse ó 2018 go 2022 chun tacú le cur chun feidhme luathaithe na Straitéise 20 Bliain. Leagtar amach cur chuige athbhreithnithe sa Phlean freisin maidir le monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus chun cuntasacht níos fearr a sholáthar.

## 5. Cad iad na rudaí is mó atá ann mar a bhaineann sé leis an nGaeltacht?

- Cur chun feidhme na bpróiseas pleanála teanga ag leibhéal áitiúil a chur chun cinn i gcónaí ar fud ceantar Gaeltachta, Bailte Seirbhíse Gaeltachta, agus Líonraí Gaeilge trí infheistíocht shuntasach bhreise, idir reatha agus chaipitil, ó RCOG, Údarás na Gaeltachta agus Foras na Gaeilge chun tacú leis an bpróiseas; agus
- Sraith beart a chur i bhfeidhm ag leibhéal lárnach chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt don phróiseas pleanála teanga i gceantair Ghaeltachta sa mhéid a bhaineann le luathbhlianta, an teaghlach, na healaíona traidisiúnta, agus an óige.

## 6. Cad faoin gcóras oideachais?

- Leanfar le cur i bhfeidhm an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022, ina leagtar amach fíis don oideachas Gaeltachta a thugann aitheantas don ról atá ag scoileanna agus suíomhanna luathbhlianta i dtaca le hoideachas Gaeilge ar ardchaighdeán a chur ar fáil agus líofacht agus úsáid na Gaeilge a chothú i bpobal na Gaeltachta i gcoitinne;
- Déanfar forbairtí i réimse Soláthair Scoileanna lán-Ghaeilge ag leibhéal bhunscoile agus iar-bhunscoile;
- Déanfar forbairtí i réimse Oiliúna Múinteoirí, lena n-áirítear samhla díríthe maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) a dhíríonn ar chur chuige cumarsáide chun dul i ngleic le hábhair inní i dtaca le cumas teanga agus oideolaíoch;
- Déanfar tuilleadh forbairtí i dtaca le gnéithe den churaclam lena n-áirítear athbhreithniú ar an gclár d'fhoghlaim na Gaeilge sa tsraith shinsearach chomh maith le gealltanais taighde a dhéanamh i réimse an pháirt-tumtha ar mhaithe le samhail a úsáid ar bhonn trialach i roinnt scoileanna Béarla; agus
- Cuirfear rochtain níos fearr ar fáil ar thairbhí foghlama Gaeilge agus cultúrtha thar lear – m.sh. comhpháirtíocht leis an gCoimisiún Fulbright; Fondúireacht Ollscoile Éireann-Cheanada, agus Cultúr Éireann i dtaca leis an Tionscnamh um Lorg Domhanda.

## 7. Cén réimsí gnímh eile atá i gceist?

### An Teaghlach ag Cur na Teanga ar Aghaidh - Idirghabháil go Luath

- Breis tacaíochtaí a sholáthar i dtaca le soláthar na Gaeilge san earnáil luathbhlianta, lena n-áirítear beirt speisialtóirí a cheapadh sa Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.

### **Riarachán, Seirbhísí agus Pobal**

- Le hachtú Bhille na dTeangacha Oifigiúla (leasú), 2017, déanfar feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí poiblí do na ceantair Ghaeltachta agus do chainteoirí Gaeilge; cuirfear caighdeáin teanga in áit scéimeanna teanga; agus méadófar go 20% líon na gcainteoirí dátheangacha feidhmeacha Gaeilge a earcófar don tseirbhís phoiblí.

### **Meáin agus Teicneolaíocht**

- Cur chun feidhme an Phlean Dhigiteach don Ghaeilge, a thabharfaidh rochtain níos fearr ar acmhainní digiteacha a forbraíodh chun leasa cainteoirí agus foghlaimoirí Gaeilge; agus
- Bonneagar digiteach Gaeilge a sholáthar do sheirbhísí foghlama, faisnéise agus cultúir.

### **Foclóirí**

- Foilseofar leagan clóite den Fhoclóir Nua Béarla-Gaeilge agus leanfar leis an bpleanáil chuí i ndáil le foclóirí, téarmaíocht agus áiseanna eile.

### **Reachtaíocht agus Stádas**

- Déanfar Bille na dTeangacha Oifigiúla (leasú) 2017 a aachtú lena chinntiú go leanfaidh an tAcht Teanga de bheith ina thacaíocht éifeachtach do gach duine ar mian leis nó léi seirbhísí ar ardchaighdeán i nGaeilge a fháil ón Stát; agus
- Cuirfear deireadh leis an maolú ar úsáid na Gaeilge san Aontas Eorpach (AE) i mí na Nollag 2021. Sa chomhthéacs sin, leanfar den obair i gcomhar le hinstiúidí an AE chun tacaíocht ghníomhach a thabhairt do stádas na Gaeilge san AE.

### **Saol Eacnamaíochta**

- Leanfar de bheith ag cur ar chumas Údarás na Gaeltachta a chúram a chomhlíonadh i dtaca le coinneáil agus cruthú post i gceantair Ghaeltachta trí bhuiséad caipitil arna mhéadú de réir a chéile a chur ar fáil don eagraíocht le súil go n-éascóidh an méid sin 8,500 post lánaimseartha a chruthú agus a choinneáil i gcuideachtaí Gaeltachta faoi 2022.

### **Tionscnaimh leathana**

- Déanfar feachtas turasóireachta cultúrtha a fhorbairt agus a fheidhmiú sa Ghaeltacht dírithe ar iarscoláirí na gcoláistí Gaeilge, ar dhaoine/teaghlaigh ar mian leo freastal ar chúrsaí Gaeilge agus ar thuismitheoirí a thagann ar cuairt chuig na scoláirí Gaeilge.

## 8. Conas a chinnteofar go ndéanfar dul chun cinn maidir le cur chun feidhme?

Tar éis athbhreithniú a bheith déanta ar na socruithe monatóireachta agus maoirseachta a bhain le feidhmiú na Straitéise, is iad na bearta leasaithe seo a leanas a chuirfear i bhfeidhm anois:

- Bunófar **Coiste Stiúrtha** ar a mbeidh ionadaithe ó na Ranna Rialtais ábhartha uile mar aon le páirtithe leasmhara tábhachtacha, lena n-áirítear Údarás na Gaeltachta agus Foras na Gaeilge. Beidh sé de dhualgas ar an gcoiste seo:
  - monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na gníomhaíochtaí aontaithe a leagtar amach sa phlean agus tuairisciú a dhéanamh ina leith; agus
  - tacú le gníomhaíochtaí agus tionscnaimh eile a aithint chun cur chun feidhme foriomlán na Straitéise a bhrú chun cinn.

Beidh an Coiste Stiúrtha faoi chathaoirleacht RCOG agus déanfaidh sé faireachán ar ullmhú agus ar fhoilsiú tuarascála bliantúla ar dhul chun cinn a chuirfear faoi bhráid an Choiste Rialtais ábhartha agus a fhoilseofar.

- Leanfar den rannpháirtíocht dhéthaobhach idir RCOG agus páirtithe leasmhara ábhartha.
- Coinneofar an Coiste Comhairleach, ar a bhfuil páirtithe leasmhara tábhachtacha, chun comhairle a thabhairt maidir le cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta agus na Straitéise.

## 9. An leor an méid atá beartaithe agus atá leagtha amach sa phlean – dá fheabhas é?

Táthar ag súil leis go mbeifear in ann tuilleadh gníomhaíochtaí a aithint agus a chur chun feidhme thar thréimhse an phlean, ag brath ar dheiseanna, cumas agus achmhainní a thagann chun cinn thar a shaolré 5 Bliana. Faoi réir a thoraidh fhoriomláin, is é an aidhm go ndéanfar athmhúnlú ar an bPlean i dtreo dheireadh a shaolré agus an bealach is fearr chun cinn ag an bpointe sin a bheartú chun tacú le cur chun feidhme leanúnach na Straitéise.

Tuilleadh eolais agus fiosruithe:

An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta  
Na Forbacha  
Co. na Gaillimhe  
Tel: 091 503700  
[www.chg.gov.ie](http://www.chg.gov.ie)